Ábhar:

Oideachas Daltaí atá ar Fionraí

An tOrd Oideachais (Ord 2006) (Tosach Uimh. 3) (Tuaisceart Éireann) 2011

Uimhir Chiorcláin: 2011/25

Dáta Eisiúna: 14 Nollaig 2011

Sprioclucht Léite:

- Príomhoidí agus Boird Ghobharnóirí i ngach scoil dheontaschúnta;
- Boird Oideachais agus Leabharlann;
- Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil;
- Cumann na mBord Rialaithe;
- Comhairle Thuaisceart Éireann um Oideachas Imeasctha; agus
- Comhairle na Gaelscolaíochta.

Feasacht Ghobharnóirí:

Riachtanach

Achoimre ar an Ábhar:

Is é is aidhm leis an Chiorclán seo scoileanna a chur an eolas maidir le teacht i bhfeidhm Alt 34 d'Ord Oideachais (Tuaisceart Éireann) 2006 i dtaca le hoideachas na ndaltaí atá ar fionraí. Tiocfaidh an tAlt seo i bhfeidhm ar 16 Nollaig agus cuirfear, leis, ceanglas reachtúil ar Bhoird Ghobharnóirí soláthar oideachais iomchuí a shocrú do dhaltaí atá cláraithe sa scoil agus iad ar fionraí.

Stádas an Ábhair:
Gníomh a bheidh de dhíth
Eolas le haghaidh scoileanna

Doiciméid Bhainteacha:
Ceann ar bith

Doiciméid Chealaithe:
Ceann ar bith

Dáta Éaga:
Ceann ar bith

Fiosrúcháin:

Cuirtear aon fhiosrúcháin mar gheall ar ábhar an Chiorcláin seo chuig:
Foireann Tacaíochta Daltaí
An Roinn Oideachais
Teach Ráth Giall
43 Bóthar Bhaile Aodha
BEANNCHAR
BT19 7PR

Suíomh Gréasáin ROTÉ:
http://www.deni.gov.uk

Teil: 02891 279549
Facs: 02891 279100
Ríomhphost:
psu@deni.gov.uk

OIDEACHAS DALTAÍ ATÁ AR FIONRAÍ

1. Is é a chuirtear in iúl do scoileanna leis an Chiorclán seo go mbeidh ceanglas úr reachtúil ar Bhoird Ghobharnóirí soláthar oideachais iomchuí a shocrú do dhaltaí atá cláraithe sa scoil agus iad ar fionraí.

2. Tiocfaidh na hathruithe seo le teacht i bhfeidhm Alt 34 d'Ord Oideachais (Tuaisceart Éireann) 2006 i dtaca le hoideachas na ndaltaí atá ar fionraí. Tiocfaidh an tAlt i bhfeidhm ar 16 Nollaig 2011. Táthar i ndiaidh mionleasuithe a dhéanamh, leis an Alt seo, ar fhorálacha san Ord Oideachais (Tuaisceart Éireann) 1998 maidir leis an dualgas atá ar Bhoird Oideachais agus Leabharlann (na Boird) socruithe a dhéanamh le go dtig oideachas iomchuí a sholáthar sa chás go mbeadh daltaí tinn, ar fionraí nó díbeartha ón scoil.

3. Aithníonn an Roinn gur cleachtas coitianta é cheana ag scoileanna oideachas a sholáthar do dhaltaí atá ar fionraí; is é is aidhm leis an chiorclán seo, áfach, a chur in iúl do scoileanna gur ceanglas reachtúil atá anseo anois agus gur ceart oideachas a sholáthar do gach dalta atá ar fionraí beag beann ar fhad na fionraíochta nó an fáth atá léi.